



Polasaí Iompair na Scoile

Cuireadh an polasaí seo le chéile tar éis dul i dteagmháil leis na múinteoirí, le tuismitheoirí agus leis an mBord Bainistíochta. Tá tacaíocht na dtuismitheoirí riachtanach má tá an polasaí seo le bheith éifeachtach. Tá sé ag teacht lenár mian, tríd an curaclaim Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS), timpeallacht agus atmaisféar dearfach a chur chun cinn sa scoil. Rinneadh leasú ar an bpolasaí seo mar fhreagra ar phaindéim COVID-19 in 2020. Féach an Augisín thíos.

Spriocanna na Scoile

1. Oiliúnt bunúsach a thabhairt do na daltaí ionas go mbeidh gach duine díobh in ann saol iomlán neamhspleách a chaitheamh. Chuige sin tá sé mar aidhm againn oiliúnt sproidálta, morálta, intleachtúil a thabhairt chomh maith le oiliúnt ar na mothúcháin agus an saol sóisialta.
2. Atmaisféar a chothú ina mbeidh muinín ag an bhfoireann as a chéile agus pearsantacht an dalta a fhorbairt.
3. Dílseacht agus ómós don duine a chothú.
4. Pearsantacht iomlán a fhorbairt sa tslí is go mbeidh gach dalta ina C(h)ríoistaí agus ina s(h)aoránach maith.
5. Meas ar an fhírinne a chothú, ionas go mbeidh tuiscint ag na daltaí air.
6. Feicimid go bhfuil sé thar a bheith tábhachtach go mbeadh comhoibriú idir gach rann I dtimpeallacht na scoile, i.e. na daltaí, tuismitheoirí, an Bord Bainistíochta, an cigire, agus an Roinn Oideachais.

Prionsabail fothacaíochta an Chóid Iompair

- Cuireadh cúrsaí agus riachtanais na scoile san áireamh nuair a cruthaíodh an polasaí seo. Is aidhm é féinsmacht a spreagadh i ngach aon pháiste agus dea-iompar a ghríosú. Tugann an polasaí seo aitheantas do chearta na páistí maidir le foghlaim i dtimpeallacht atá saor o bhagairt nó réabadh. Aithníonn an scoil go bhfuil pearsantacht faoi leith ag gach uile phaiste agus cuireadh sin san áireamh nuair a rinneadh an polasaí seo. Forálann an cód le hidirdhealú a chur i bhfeidhm bunaithe ar chomhairle agus treoirlínte ó dhaoine gairmiúla taobh amuigh den scoil, i.e. siceolaithe, srl.
- Beidh na páistí páirteach sa díospóireacht faoi, agus foirmiú, an dea-iompar go mbeifí ag súil leo agus an luach saothair a ghabhann leo.
- Cuireann múinteoirí Ghaelscoil Chnoc na Re béim faoi leith ar dhuaiséanna in ionad pionóis mar go gcreidimid go mbeidh torthaí níos fearr as, sa bhfadtearma.
- 'S é dualgas an mhúinteora, le cúnaimh na múinteoirí eile, an cód iompair agus rialacha na scoile a chur i bhfeidhm go cothrom.
- Coinneoidimid méad na rialacha chomh híseal agus is féidir. míneoidimid na rialacha do na páistí i gcaoi go dtuigeann siad go gcuidíonn siad le feidhmiú na scoile agus go bhfuil siad ar son leasa agus sábháilteacht gach éinne sa scoil.
- Aithníonn muid go bhfuil cearta agus freagrachtaí ag gach uile dhuine sa phobal scoile, páistí agus daoine fásta araon. Cuideoidh ár gcód iompar leo siúd i gcónaí.
- Cuirfear béim faoi leith ar dea-iompar agus ar ghníomhaíocht an phaiste. Cuirfear smacht ar pháistí a bhriseann rialacha na scoile chun a chinntiú go bhfuil córas cothrom agus ceart á chur i bhfeidhm. Cuirfear béim gurb é an iompar agus nach é an páiste atá a dhiúltiú.

Cur Chun Cinn Iompar Dearfach

Tá súil againn iompar dearfach a chur chun cinn sa scoil trí úsáid a bhaint as raon de straitéisí. I measc na samplaí gur féidir a bheith ann tá:

- Moladh agus spreagadh
- Tuairimí dearfacha do pháiste / i gcóipleabhair (a bhaineann le hobair / iarracht)
- Nótaí do na tuismitheoirí / caomhnóirí sa dhialann Obair Bhaile, srl.
- Córas Pointe (córas iomlán luach saothair ranga)
- 'Am Órga'
- Dámhachtain greamáin / réaltaí
- Mac Léinn na seachtaine (Labhairt na Gaeilge)
- Saoirse ó obair bhaile
- Postanna pribhléide sa seomra ranga/sa scoil
- Luachanna Saothair / duaiseanna - deireadh seachtaine / téarma.
- Cur chuige foirne i dtaobh iompar ar fud na scoile a úsáidtear - múinteoirí / foireann tacaíochta / aíonna / tuismitheoirí ag cur modhanna iompair sásúil in iúl.
- An clár OSPS
- An clár 'Beo go Deo'

Ordathas Disciplín na Scoile:

- Réasúnaíocht le dalta
- Iomardú ó bhéal lena n-áirítear comhairle ar conas feabhas a chur ar
- Teagmháil le tuismitheoirí / caomhnóirí
- An páiste a scarúint ón ngrúpa sa rang
- Cailliúint pribhléidí
- Am i rang eile faoi mhaoirseacht, agus tuairisc chuig an Príomhoide
- Córas na Cártaí (féach thíos) le haghaidh eachtraí níos tromchúisí
- Tuairisc fhoirmiúil chuig an mBord Bainistíochta
- Fionraí (de réir an Achta Oideachais 1998 agus an tAcht Leasa Oideachais 2000)
- Díbirt (de réir an Achta Oideachais 1998 agus an Acht Leasa Oideachais 2000)

Tá treoirlínte an Bhord Náisiúnta Leasa Oideachais (NEWB) maidir le Fionraí agus Díbirt faoi iamh mar Aguisíní.

Oilghníomhartha Mionchúiseacha:

(SAMPLAÍ)

- *Cur isteach ar obair ranga*
- *Rith i bhfoirgneamh na scoile*
- *Ag fágáil suíochán gan cead ag am loin*
- *Caitheamh bruscar*
- *A bheith míchúirtéiseach nó drochbhéasach*
- *Gan obair bhaile a chríochnú gan cúis mhaith*

Córas na gCártaí

CÁRTA BUÍ

Faigheann páiste CARTA BUÍ má tharlaíonn na rudaí seo a leanas

1. Eachtraí Fisiciúil (SAMPLAÍ)
 - *Aon rud contúirteach sa chlós nó sa rang.*
 - *Ag caitheamh clocha/bataí le daoine eile.*
 - *Ag caitheamh seile ar pháistí eile.*
 - *Ag brú nó ag léim ar pháistí eile go contúirteach*
 - *Ag baint greim as pháiste.*
 - *Scríob/marc a fhágáil ar aon pháiste d'aon ghnó.*
 - *Ag déanamh damáiste do maoine na foirne, na páistí, nó na scoile d'aon ghnó.*
2. Eachtraí ó Bhéal (SAMPLAÍ)
 - *Screadaíl ar pháiste eile go borb.*
 - *Masla ó bhéal ar pháiste nó duine fásta eile.*

- *Drochtheanga a úsáid.*
- *Bréaga a insint i dtaobh eachtra nó faoi dhuine.*

3. Iompar Mí-oiriúnach Leanúnach

1. *Gan a bheith ag comhoibriú le foireann na scoile go rialta, m.sh. dímhéas a léiriú, diúltú treoracha a leanúint.*

Cé a thugann amach é?

Cinneadh an mhúinteora aonar atá ann ach is féidir comhairle a lorg ó bhall foirne eile. Is gá go mbeadh eolas cruinn faoin eachtra bailithe, le fiosrúcháin ceart déanta. Cuireann an múinteoir an Príomhoide/L.P.O., a shíniú an cárta freisin, ar an eolas faoi.

Céard a tharlaíonn nuair a fhaigheann páiste Cárta Buí?

1. Cuireann an múinteoir glaoch ar an dtuismitheoir.
2. Scríobhtar ainm an pháiste, an dáta, agus míniú ar an eachtra ar an gcárta. Bíonn síniú an múinteoir a bhí i láthair agus an Príomhoide/L.P.O. ar seo. Bíonn fótachóip mar thaifead curtha sa bhfillteán smachta.
3. Greamaítear an cárta sa dialann obair bhaile.
4. Bíonn an eachtra le plé sa bhaile leis na tuistí agus an cárta sínithe ag na tuistí chomh luath agus is féidir.
5. Rang Smachta - déanann páiste a fuair an cárta buí 15 nóiméad sa rang smachta ag am lóin le obair atá leagtha amach dóibh. Tá an múinteoir ranga freagrach as seo a chur i bhfeidhm. Sna hardranganna scríobhann an páiste faoin eachtra (le bheith sínithe ag an tuismitheoir)
6. I gcás an dara chárta buí, eagraítear cruinniú idir an tuismitheoir agus an múinteoir ranga chun iompar an pháiste a phlé.

CÁRTA DEARG

Faigheann páiste CÁRTA DEARG má tharlaíonn na rudaí seo a leanas:

1. Tar éis trí carta a bhaint amach taobh istigh de 3 mhí.
2. Ar an bpointe i gcásanna iompar tromchúiseach (SAMPLAÍ)
 - *Ionsaí fisiciúil ,d'aon ghnó ar dhaoine eile, m.sh. ciceáil, bualadh, tachtadh, ag cuir lámh thart timpeall muineál aon pháiste.*
 - *Ag brú nó ag léim ar pháistí eile le foréigean.*
 - *Iompar a chuireann daoine eile i mbaol, m.sh. ag caitheamh troscán.*
 - *Bulaíocht*
 - *Masla leanúnach ar dhaoine eile.*
 - *Diúltú glan comhoibriú le múinteoir nó foireann na scoile*
 - *Ag goideadh ón scoil nó ó dhaoine eile.*
 - *Falsaíocht de síniú tuistí.*
 - *An scoil a fhágáil gan cead.*
 - *Teanga nó geáitsí gnéasúil mí-oiriúnach.*
 - *Teanga ciníoch.*
 - *Drochtheanga leanúnach.*

Cé a thugann amach é?

Beidh an cinneadh idir beirt: múinteoir agus an príomhoide nó a ainmní. Is gá go mbeadh eolas cruinn faoin eachtra bailithe, le fiosrúcháin ceart déanta.

Céard a tharlaíonn nuair a fhaigheann páiste Cárta Dearg?

1. Téann an scoil i dteagmháil le tuistí an pháiste láithreach/chomh luath agus is féidir an lá sin. Coinnítear taifead den comhrá sin i leabhair eachtraí dearg
2. Scríobhtar ainm an pháiste, an dáta, agus míniú ar an eachtra ar an gcárta. Bíonn síniú an múinteoir a bhí i láthair agus an Príomhoide/ainmní ar seo. Bíonn fótachóip den chárta mar thaifead curtha sa bhfillteán smachta.
3. Greamaítear an cárta sa dialann obair bhaile.
4. Bíonn an t-eachtra le plé sa bhaile leis na tuistí agus an cárta sínithe ag na tuistí chomh luath agus is féidir.

5. Rang Smachta - déanann an páiste a fuair an cárta dearg TRÍ seisiún 15 nóiméid sa rang smachta ag am lóin le obair atá leagtha amach dóibh. Tá an múinteoir ranga freagrach as seo a chur i bhfeidhm. Sna hardranganna scríobhann an páiste faoin eachtra,(le bheith sínithe ag an tuismitheoir)
6. Bíonn cruinniú le tuistí, an príomhoide agus an múinteoir ranga chun iompar an pháiste a phlé.

Céard a tharlaíonn má fhaigheann páiste an dara Cárta Dearg?

1. Leantar céimeanna 1-5 thuas agus téann an cárta dearg abhaile sa dialann le nóta maidir le cruinniú.
2. Bíonn cruinniú le tuistí, príomhoide agus an múinteoir ranga agus bíonn an páiste i láthair do chuid den cruinniú.
3. Má fhaigheann páiste dá chárta dearg nó níos mó, d'fhéadfaí an páiste a chur ar fionraí tar éis don Phríomhoide an cás a phlé leis an múinteoir ranga, lena tuismitheoirí agus tar éis dul i gcomhairle leis an mBord Bainistíochta.

NÓTAÍ EILE

- Seasann cárta buí 3 mhí, bíonn sé bainte den taifead ansin. Fanann an cárta dearg ar an taifead don bhliain ach ní théann siad ar aghaidh ó bhliain go bliain. Áfach, is féidir taifead na blianta roimhe a thógáil san aireamh má tá drochiompar leanúnach i gceist.
- Má dhiúltaíonn an tuismitheoir cárta buí nó dearg a shíniú, agus má ta an príomhoide sásta gur leanadh an phróiseas ceart, seasfaidh an cárta.
- Is féidir le tuismitheoirí athbhreithniú a lorg ar an gcinneadh chárta a bhronnadh tríd na céimeanna a leagtar amach san **Nós Imeachta Gearáin** aontaithe a leanúint (faoi iamh).

Seo a leanas freagrachtaí na bpáirtithe leasmhara i ndáil leis an Cód Iompair:

Freagrachtaí an Bhoird Bainistíochta:

- Timpeallacht chompórdach, shábháilte agus spreagúil a sholáthar.
- Tacú leis an bPríomhoide agus leis an fhoireann an Cód a chur i bhfeidhm
- An Cód a dhaingniú.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar an gCód.

Freagrachtaí an Phríomhoide:

- Timpeallacht dhearfach foghlama a chur chun cinn sa scoil.
- A chinntiú go bhfuil an Cód Iompair curtha i bhfeidhm ar mhodh cothrom comhsheasmhach.
- Socrú a dhéanamh chun athbhreithniú a dhéanamh ar an gCód, mar is gá.

Freagrachtaí na Múinteoirí:

- Tacaíocht do agus cur i bhfeidhm Cód Iompair na scoile
- Timpeallacht oibre shábháilte a chruthú do gach dalta.
- Dea-iompar a aithint agus a dhearbhu.
- Buanna ar leith agus difríochtaí i measc na ndaltaí a aithint agus soláthar a dhéanamh dóibh.
- A bheith cúirtéiseach, comhsheasmhach agus cothrom.
- Deiseanna don mhí-iompair a laghdú.
- Déileáil go cóir agus go comhleanúnach leis an mhí-iompair.
- Tacaíocht a thabhairt do chomhghleacaithe.
- Cumarsáid a dhéanamh le tuismitheoirí nuair is gá agus tuarascálacha maidir le hábhair imní frithpháirteach a chur ar fáil.
- Meas a léiriú ar gach ball de phobal na scoile.

Freagrachtaí an dalta:

- Freastal ar scoil go rialta agus go poncúil.
- Éisteacht agus gníomhú ar treoracha a gcuid múinteoirí.
- Meas a léiriú do mhaoin uile na scoile agus do mhaoin na ndaltaí eile.
- Iompar a chuirfeadh daoine eile i mbaol a sheachaint.
- Aire a thabhairt dóibh féin agus do dhaoine eile.

- Gan daltaí eile a fhágáil amach ó cluichí agus ó gníomhaíochtaí.
- Ábhair / leabhair cearta a thabhairt chun na scoile.
- Rialacha na scoile, ranga agus chlós a leanúint.
- Meas a léiriú ar gach ball de phobal na scoile.

Freagrachtaí Tuismitheoirí / Chaomhnóra:

- Na páistí a spreagadh chun meas agus tuiscint a léiriú dóibh féin, do dhaoine eile agus do mhaoin.
- A chinntiú go bhfreastalaíonn leanaí go rialta agus go poncúil agus go bhfuil siad bailithe in am.
- Suim agus tacaíocht a léiriú agus obair scoile a gcuid páistí a spreagadh.
- A bheith eolach ar an Chód Iompair agus tacaíocht a léiriú dó.
- Comhoibriú le múinteoirí i gcásanna ina bhfuil iompar a linbh mar chúis le deacrachtaí do dhaoine eile.
- Cumarsáid a dhéanamh leis an scoil i ndáil le haon fhadhb a bhféadfadh éifeacht a bheith aige ar dul chun cinn nó iompar a linbh.
- Meas a léiriú ar gach ball de phobal na scoile.

Aguisín: **COVID-19**

Le linn na géarchéime reatha COVID-19, tá sé de fhreagracht orainn uile a chéile a choinneáil slán agus folláin. Chun é sin a dhéanamh, tá ionchais arda againn go gach duine rialacha agus treoirlínte na scoile a bhaineann le;

- Ag leanúint aon ghnáthaimh athraithe maidir le teacht nó imeacht
- Ag leanúint teoracha scoile ar shláinteachas, mar shampla níocháin lámhe agus díghalrú
- Ag leanúint teoracha ar cé leis ar féidir le daltaí sóisialú ar scoil
- Ag bogadh timpeall na scoile ag leanúint teoracha ar leith (mar shampla, córais aon-bhealach, áiteanna lasmuigh de theorainneacha, scuaine, gnáthaimh lóin)
- Ionchais faoi shraothartach, casacht, fíocháin agus a ndiúscairt
- Ag insint do dhuine fásta má tá comharthaí COVID-19 acu
- Rialacha maidir le haon trealamh nó earraí eile a roinnt lena n-áirítear buidéal di
- Ionchais leasaithe maidir le ham sosa agus súgartha, lena n-áirítear cá háit a bhféadfadh páistí súgradh nó gan súgradh
- Úsáid leithris

I measc na gníomhaíochtaí nach mbeifeá ag súil leo bheadh:

- diúltiú le hiarratais ó bhaill foirne chun fadú sóisialta a chleachtadh
- iad féin a iompar go míchuí a chuireann eagla nó imní ar pháistí eile agus ar bhaill foirne
- trí cleasanna a imirt nó casacht / sraothartach bréige
- ráflaí nó scéalta gan bhunús a scaipeadh a ndearna mac léinn / mic léinn nó baill foirne tástáil orthu dearfach do Covid-19.

Ní féidir seile nó casacht a dhéanamh d'aon ghnó ar pháiste nó ar bhall foirne eile. Measfar gur mí-iompar tromchúiseach é seo agus déileálfar leis dá réir.

Rialacha na Scoile

Tá na rialacha briste síos i bhfoirm simplí.

G (Is í) Gaeilge teanga na scoile. *Irish is the language of the school*

- Is í an Ghaeilge teanga laethúil na scoile.

A Am Ceart, áit ceart *Right time, right place*

- Bí poncúil. Tosaíonn scoil ag 08:50. Beidh páistí a thagann tar éis glaoch rolla-(9.50) á mharcáil as láthair.
- Tá ithe agus ól teoranta do amanna sosa sa rang agus ní sa chlós.
- Ba chóir an éide scoile cuí a chaitheamh i gcónaí.
- Ní mór do gach dalta a bheith i líne ag deireadh na sosanna. Ní mór do na daltaí dul ar aghaidh go socair chuig an seomra ranga in éineacht leis an múinteoir ranga.
- Ní chóir, ar chúis ar bith, do pháiste fearann na scoile a fhágáil gan cead.
- Tá úsáid na nguthán póca le linn uaireanta scoile coiscthe.

E Éistimis le chéile *Listen to one another*

- Beidh páistí umhal i gcónaí do, agus léiróidh siad meas ar, gach múinteoir agus foireann eile na scoile.
- Ba chóir do pháistí éisteacht le leanaí eile sa rang agus na rialacha ranga a leanúint.

L Labhair i gceart *Speak correctly*

- Ní ghlacfar le drochtheanga ar chúinse ar bith.

S Siúl *Walk*

- Siúl go díreach chuig agus ó leithris.
- Nuair a bhuaileann clog na scoile, STOP, ansin SIÚL agus ansin SEAS sa líne.

C Bí Cúramach *Take Care*

- Tá polasaí Bia Shláintiúil i bhfeidhm sa scoil (ta cosc ar bhia beagmhaitheasa, guma coganta, srl)
- Ní mór meas a thaispeáint do gach maoin, do threalamh na scoile agus do leabhair.
- Ar chúiseanna sláinte & sábháilteachta, tá cosc ar seodra seachas fáinní cluas stodaí agus fáinne amháin.

O Oibrigh go maith *Work well*

- Ní mór do gach paiste obair ranga agus obair bhaile a thriail agus a bheith déanta go cúramach.

I Iarracht i gcónaí *(Make an) Effort always*

- Táimid ag súil go ndéanfaidh páistí a ndícheall i gcónaí.

L Bí Lách agus dea-bhéasach *Be gentle and well-mannered*

- Bí ag spraoi go sábháilte taobh amuigh, ag tabhairt aire duit féin agus do dhaoine eile, agus na rialacha clós a leanúint.
- Ní ghlacfar le bulaíocht d'aon sórt.
- Cnag agus fan roimh dul isteach sa seomra foirne.